C/2024/6047

8.10.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.11726 – CLEARLAKE / MV CREDIT)
Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6047)

1. An 1 Deireadh Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Clearlake Capital Group Limited (an Ríocht Aontaithe), faoi rialú Clearlake Capital Group L.P. ('Clearlake', na Stáit Aontaithe),

— MV Credit Limited ('MV Credit', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú BPCE SA (an Fhrainc).

Gheobhaidh Clearlake rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar MV Credit ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta príobháideach é Clearlake a bhfuil cuideachtaí punainne aige atá gníomhach i seirbhísí bogearraí agus seirbhísí atá cumasaithe ag an teicneolaíocht, agus i réimsí an fhuinnimh, na tionsclaíochta, na dtáirgí bia agus na n-earraí tomhaltais,

— Is gnólacht creidmheasa príobháideach é MV Credit a dhéanann infheistíocht i bhfiachas sinsearach agus i bhfofhiachas.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11726 – CLEARLAKE / MV CREDIT

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.